**Séanadh:** Ní ghlacann an Roinn le haon fhreagracht as agus ní thugann sí aon ráthaíocht, gealltanais ná barántais a bhaineann le cruinneas, iomláine nó cineál cothrom le dáta an aistriúcháin a chuirtear ar fáil agus ní ghlacann sí le haon dliteanas dá laghad a eascraíonn as aon earráidí nó easnaimh. Aistriúchán neamhoifigiúil é seo ar mhaithe le cuspóirí eolais amháin agus ní léiriú dlíthiúil é ar an gCoinbhinsiún ar Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ("an Coinbhinsiún"). De bhun Airteagal 22 den Choinbhinsiún, is iad na trí leagan dhílse den Choinbhinsiún na leaganacha féin amháin is féidir a úsáid ar mhaithe le cuspóirí dlíthiúla agus tá iad seo ar fáil ar láithreán gréasáin UNECE.

# AN COINBHINSIÚN MAIDIR LE ROCHTAIN AR FHAISNÉIS,

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL I GCINNTEOIREACHT AGUS ROCHTAIN AR

# CHEARTAS I GCÚRSAÍ COMHSHAOIL

**arna dhéanamh ag Aarhus, an Danmhairg,**

**an 25 Meitheamh 1998**

Rinne na Páirtithe leis an gCoinbhinsiún seo,

Agus prionsabal l de Dhearbhú Stócólm um an Timpeallacht Dhaonna á aisghairm,

Agus prionsabal 10 de Dhearbhú Rio um an Timpeallacht agus Forbairt á aisghairm, chomh maith,

Agus réitigh bhreise Chomhthionóil 37/7 an 28 Deireadh Fómhair

1982 maidir le Cairt an Domhain um an Dúlra agus 45/94 an 14 Nollaig 1990 maidir leis an ngá atá le timpeallacht shláintiúil a chinntiú ar mhaithe le folláine dhaoine aonair,

Agus Cairt na hEorpa um an Timpeallacht agus Sláinte á haisghairm ar glacadh léi ag

Chéad Chomhdháil na hEorpa um an Timpeallacht agus Sláinte de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte

in Frankfurt-am-Main, an Ghearmáin, an 8 Nollaig 1989,

Agus an gá á dhearbhú atá le staid an chomhshaoil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú agus le forbairt atá inbhuanaithe agus fónta i dtaobh an chomhshaoil de a chinntiú,

Agus a aithint go bhfuil cosaint leordhóthanach an chomhshaoil bunriachtanach maidir le folláine dhaonna agus taitneamh a bhaint as bunchearta daonna, an ceart chun na beatha féin

Agus a aithint, chomh maith, go bhfuil an ceart ag gach duine chun maireachtáil i dtimpeallacht atá leordhóthanach dá shláinte nó dá sláinte agus dá fholláine nó dá folláine, agus an dualgas atá orainn féin agus ar dhaoine eile, chun an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe leis an nglúin reatha agus an ghlúin amach anseo,

Nuair a chuirtear san áireamh, chun go mbeifear in ann an ceart seo a dhearbhú agus an dualgas seo a chomhlíonadh, chun go mbítear i dteideal páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus gur féidir an ceartas a bhaint amach i gcúrsaí comhshaoil, agus a aithint ina leith seo go bhféadfadh go dteastódh cúnamh ó shaoránaigh chun a gcearta a fheidhmiú,

Agus a aithint, i réimse an chomhshaoil, go ndéanann rochtain fheabhsaithe ar fhaisnéis agus rannpháirtíocht fheabhsaithe an phobail i gcinnteoireacht feabhas a chur ar cháilíocht agus cur i bhfeidhm cinntí, go gcuireann siad le feasacht an phobail ar shaincheisteanna comhshaoil, go dtugann siad an deis chun a chuid buarthaí a léiriú agus a chur ar chumas údarás poiblí chun na buarthaí siúd a chur i gcuntas faoi mar is ceart,

Agus é mar chuspóir, leis sin, chun cuntasacht na cinnteoireachta agus trédhearcacht sa chinnteoireacht a bhreisiú agus chun tacaíocht an phobail a neartú le cinntí faoin gcomhshaol,

Agus a inmhianaithe atá trédhearcacht i ngach brainse den rialtas á aithint agus cuireadh á thabhairt do chomhlachtaí reachtaíochta chun prionsabail an Choinbhinsiúin seo a chur i bhfeidhm ina gcuid imeachtaí,

Agus a aithint, chomh maith, gur gá don phobal a bheith ar an eolas ar na nósanna imeachta le haghaidh rannpháirtíochta i gcinnteoireacht comhshaoil, go mbíonn teacht acu orthu saor in aisce agus gurb eol dóibh conas iad a úsáid,

Agus a aithint, de bhreis air sin, tábhacht na ról faoi seach is féidir le saoránaigh aonair, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an earnáil phríobháideach a ghlacadh i gcosaint an chomhshaoil,

Agus é in uaillmhian chun oideachas comhshaoil a chur chun cinn chun cur leis an tuiscint ar an gcomhshaol agus forbairt inbhuanaithe agus chun feasacht fhorleathan phoiblí ar, agus rannpháirtíocht in, cinntí a spreagadh a dhéanann difear don chomhshaol agus d’fhorbairt inbhuanaithe,

Agus a thabhairt faoi deara, sa chomhthéacs seo, an tábhacht a bhaineann le húsáid a bhaint as na meáin agus

foirmeacha leictreonacha nó eile, foirmeacha cumarsáide amach anseo,

Agus an tábhacht a aithint go ndéantar breithnithe comhshaoil a chur san áireamh go hiomlán i gcinnteoireacht an rialtais agus an gá iarmhartach atá leis go mbíonn faisnéis chruinn, chuimsitheach agus chothrom le dáta ag údaráis phoiblí faoin gcomhshaol,

Agus a aithint go gcoimeádann údaráis phoiblí faisnéis chomhshaoil ar mhaithe le leas an phobail,

Agus é ina ábhar buartha gur cheart go mbeadh meicníochtaí éifeachtacha breithiúnacha ar fáil don phobal, eagraíochtaí ina measc, chun go gcosnaítear a leasanna dlisteanacha agus chun go gcuirtear an dlí i bhfeidhm,

Agus an tábhacht á thabhairt faoi deara a bhaineann le faisnéis leordhóthanach faoi tháirgí a chur ar fáil do thomhaltóirí lena chur ar a gcumas chun roghanna feasacha comhshaoil a dhéanamh,

Agus buairt an phobail á haithint faoi orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh isteach sa timpeallacht d'aon turas agus an gá atá le trédhearcacht mhéadaithe agus rannpháirtíocht phoiblí níos fearr i gcinnteoireacht sa réimse seo,

Agus é cinnte go gcuirfidh cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo le daonlathas neartaithe i réigiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE),

Agus sinn feasach ar an ról a ghlac an CEE ina leith seo agus Treoirlínte CEE maidir le Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil agus Rannpháirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht

Comhshaoil á n-aisghairm a fhormhuinítear i nDearbhú an Aire ar glacadh leis ag an Tríú Comhdháil Airí "Timpeallacht don Eoraip" Sóifia, an Bhulgáir, an 25 Deireadh Fómhair 1995,

Agus na forálacha ábhartha á gcur san áireamh atá sa Choinbhinsiún maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann, a rinneadh ag Espoo,

an Fhionlainn, an 25 Feabhra 1991, agus an Coinbhinsiún maidir le hÉifeachtaí Trasteorann Tionóiscí Tionsclaíochta agus an Coinbhinsiún maidir le Sruthchúrsaí agus Lochanna Idirnáisiúnta a Chosaint agus a Úsáid, a ndearnadh an dá cheann díobh ag Heilsincí an 17 Márta 1992, agus coinbhinsiúin réigiúnacha eile,

Agus sinn feasach air go mbeidh glacadh an Choinbhinsiúin seo i ndiaidh cur le neartú breise an phróisis "Timpeallacht don Eoraip" agus le torthaí na Ceathrú Comhdhála Airí in Aarhus, an Danmhairg, i Meitheamh 1998,

Comhaontú ar an méid seo a leanas:

## Airteagal 1

## CUSPÓIR

Chun cur le cosaint an chirt atá ag gach duine den ghlúin reatha agus a bheidh ag gach duine den ghlúin amach anseo chun maireachtáil i dtimpeallacht atá leordhóthanach dá shláinte nó dá sláinte agus dá fholláine nó dá folláine, cinnteoidh gach Páirtí na cearta rochtana ar

fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht, agus rochtain ar cheartas i gceisteanna comhshaoil i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo.

## Airteagal 2

## SAINMHÍNIÚ

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo,

1. Ciallaíonn **"Páirtí"**, mura dtugtar a mhalairt le fios sa téacs, Páirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún seo,

2. Ciallaíonn **"údarás poiblí"**:

(a) An rialtas ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus eile;

(b) Daoine nádúrtha nó dlíthiúla a thugann faoi fheidhmeanna riaracháin poiblí faoin dlí náisiúnta, dualgais, gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar leith ina measc maidir leis an timpeallacht;

(c) Aon daoine nádúrtha nó dlíthiúla eile a bhfuil freagrachtaí poiblí orthu, nó a chuireann seirbhísí poiblí ar fáil, maidir leis an timpeallacht,

faoi rialú comhlachta nó duine a thagann faoi chuimsiú fhomhíreanna (a) nó (b) thuas;

(d) Institiúidí aon eagraíochta réigiúnaí geilleagraí imeasctha a dtagraítear dóibh in airteagal 17 atá ina bPáirtí leis an gCoinbhinsiún seo.

Ní áirítear leis an sainmhíniú seo comhlachtaí nó institiúidí a ghníomhaíonn i gcáil bhreithiúnach nó reachtaíochta;

3. Ciallaíonn **“faisnéis chomhshaoil”** aon fhaisnéis i bhfoirm scríofa, amhairc, leictreonach nó in aon fhoirm ábhair eile faoi:

(a) Staid ghnéithe na timpeallachta, ar nós an aeir agus an atmaisféir, an uisce, na hithreach, na talún, an tírdhreacha agus láithreáin nádúrtha, éagsúlacht bhitheolaíoch agus a comhábhair, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, agus

an t-idirghníomhú i measc na ngnéithe seo;

(b) Tosca, ar nós substaintí, fuinnimh, torainn agus radaíochta, agus gníomhaíochtaí nó beart, bearta riaracháin, comhaontuithe comhshaoil, beartas, reachtaíochta, pleananna agus clár ina measc, a dhéanann difear, nó is dóchúil a dhéanfaidh difear do ghnéithe an chomhshaoil laistigh de scóip fhomhír (a) thuas, agus anailís costais is tairbhe agus anailís agus toimhdí eile geilleagracha a úsáidtear i gcinnteoireacht comhshaoil;

(c) Staid na sláinte agus na sábháilteachta daonna, dálaí bearta daonna, láithreáin chultúrtha agus struchtúir thógtha, sa mhéid go bhfuil difear á dhéanamh dóibh nó sa mhéid go bhféadfadh difear a bheith á dhéanamh dóibh ag gnéithe an chomhshaoil nó, trí na gnéithe seo, ag na tosca, gníomhaíochtaí nó bearta a dtagraítear dóibh i bhfomhír (b) thuas;

4. Ciallaíonn **“an pobal”** duine nádúrtha nó dlíthiúil amháin nó níos mó, agus, i gcomhréir leis an reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta, a gcomhlachais, eagraíochtaí nó grúpaí;

5. Ciallaíonn **“an pobal atá i gceist”** an pobal a ndéanann cinnteoireacht comhshaoil difear dó nó ar dóchúil go ndéanfaidh cinnteoireacht comhshaoil difear dó, nó a bhfuil leas aige i gcinnteoireacht comhshaoil;

chun críocha an tsainmhínithe seo, measfar go mbeidh leas ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglais faoin dlí náisiúnta.

## Airteagal 3

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Rachaidh gach Páirtí i mbun na mbeart riachtanach reachtaíochta, rialála agus eile chun comhoiriúnacht a bhaint amach idir na forálacha a chuireann forálacha faisnéise, rannpháirtíocht an phobail agus rochtana ar cheartas sa Choinbhinsiún seo i bhfeidhm, chomh maith le bearta cearta forfheidhmithe, chun creat soiléir, trédhearcach agus comhsheasmhach a bhunú agus a choimeád chun forálacha an Choinbhinsiúin seo a chur i bhfeidhm.

2. Déanfaidh gach Páirtí dícheall lena chinntiú go gcuireann oifigigh agus údaráis cabhair agus treoir ar fáil don phobal a lorgaíonn teacht ar fhaisnéis, chun rannpháirtíocht i gcinnteoireacht a éascú agus chun teacht ar cheartas a lorg i gceisteanna comhshaoil.

3. Cuirfidh gach Páirtí oideachas comhshaoil agus feasacht chomhshaoil chun cinn i measc an phobail, go háirithe maidir le conas teacht a bheith acu ar fhaisnéis, páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus teacht a bheith acu ar cheartas i gceisteanna comhshaoil.

4. Déanfaidh gach Páirtí cinnte de go n-aithnítear agus go dtacaítear go cuí le comhlachais, eagraíochtaí nó grúpaí a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus cinnteoidh siad go bhfuil a chóras dlí náisiúnta comhsheasmhach leis an oibleagáid seo.

5. Ní dhéanfaidh forálacha an Choinbhinsiúin seo difear don cheart atá ag Páirtí chun bearta a choimeád nó a thabhairt isteach a fhorálann do theacht níos fairsinge a bheith ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí níos fairsinge i gcinnteoireacht agus teacht níos fairsinge a bheith ar cheartas i gceisteanna comhshaoil ná mar a cheanglaítear sa Choinbhinsiún seo.

6. Ní cheanglófar sa Choinbhinsiún seo aon mhaolú ó na cearta reatha rochtana ar fhaisnéis, rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht agus rochtana ar cheartas i gceisteanna comhshaoil.

7. Cuirfidh gach Páirtí cur i bhfeidhm phrionsabail an Choinbhinsiúin seo chun cinn i bpróisis chinnteoireachta comhshaoil idirnáisiúnta agus laistigh den chreat eagraíochtaí idirnáisiúnta i gceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol.

8. Cinnteoidh gach Páirtí nach ngearrfar pionós ar, nach gcéasfar nó nach gciapfar daoine a fheidhmíonn a gceart i gcomhlíonadh fhorálacha an Choinbhinsiúin seo ar bhealach ar bith i ngeall ar an mbaint a bhíonn acu.

Ní dhéanfaidh an fhoráil seo difear do chumhachtaí na gcúirteanna náisiúnta chun costais réasúnta a bhronnadh in imeachtaí breithiúnacha.

9. Laistigh de scóip fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin seo, beidh rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis, beidh sé indéanta dóibh páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus beidh teacht acu ar cheartas i gceisteanna comhshaoil gan idirdhealú i dtaobh saoránachta,

náisiúntachta nó sainchónaithe agus, i gcás duine dlíthiúil, gan idirdhealú i dtaobh na háite a bhfuil a s(h)uíochán cláraithe nó ionad éifeachtach a g(h)níomhaíochtaí.

## Airteagal 4

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

1. Cinnteoidh gach Páirtí, faoi réir na bhfomhíreanna seo a leanas den airteagal seo, go ndéanann údaráis phoiblí, mar fhreagairt d'iarraidh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal, laistigh de chreat na reachtaíochta náisiúnta, cóipeanna den cháipéisíocht ina gcuimsítear an fhaisnéis sin nó a bhfuil an fhaisnéis sin i gceist léi a chur ar fáil don phobal, ina measc, nuair a iarrtar agus faoi réir fhomhír (b) thíos:

(a) Gan aon ghá a bheith le leas a lua;

(b) San fhoirm a iarrtar:

(i) Is réasúnta don údarás poiblí é a chur ar fáil i bhfoirm eile, agus tabharfar cúiseanna le hé a chur ar fáil san fhoirm sin, sa chás sin; nó

(ii) Tá an fhaisnéis ar fáil go poiblí cheana féin i bhfoirm eile.

2. Cuirfear an fhaisnéis faoin gcomhshaol a dtagraítear di i mír 1 ar fáil a luaithe agus is féidir agus laistigh de mhí amháin i ndiaidh gur seoladh an iarraidh ar aghaidh, ar a dhéanaí, murach go dtugann méid agus castacht na faisnéise údar leis an tréimhse seo a shíneadh a mhéid le dhá mhí i ndiaidh na hiarrata.

Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas ar aon síneadh agus ar na cúiseanna a thugann údar leis.

3. Is féidir iarraidh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:

(a) Níl an fhaisnéis faoin gcomhshaol ag an údarás poiblí a seoltar an iarraidh chuige;

(b) Is soiléir go bhfuil an iarraidh míréasúnta nó go ndearnadh an iarraidh a chur le chéile ar bhealach róghinearálta; nó

(c) Baineann an iarraidh le hábhar atá á thabhairt chun críche nó baineann cumarsáid inmheánach údarás poiblí leis nuair a fhoráiltear don díolúine sin sa dlí náisiúnta nó i ngnáthchleachtas, agus aird ar leas an phobail a chuireann nochtadh ar fáil.

4. Is féidir iarraidh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a dhiúltú má d'imreodh an nochtadh drochthionchar ar:

(a) Rúndacht imeachtaí údarás poiblí,

nuair a fhoráiltear don rúndacht siúd faoin dlí náisiúnta;

(b) Caidreamh idirnáisiúnta, cosaint náisiúnta nó slándáil phoiblí;

(c) Cúrsa an cheartais, cumas duine chun triail chothrom a fháil nó cumas údaráis phoiblí chun tabhairt faoi fhiosrúchán de chineál coiriúil nó disciplíneach;

(d) Rúndacht faisnéis tráchtála agus tionsclaíochta, nuair a bhíonn an rúndacht sin á cosaint ag an dlí chun leas dlisteanach geilleagrach a chosaint.

Nochtfar faisnéis ar astaíochtaí atá ábhartha chun an comhshaol a chosaint laistigh den chreat seo;

(e) Cearta maoine intleachtúla;

(f) Rúndacht sonraí pearsanta agus/nó chomhad a bhaineann le duine nádúrtha nuair nár thoiligh an duine sin don fhaisnéis a nochtadh don phobal, nuair a fhoráiltear don rúndacht siúd sa dlí náisiúnta;

(g) Leasanna tríú páirtí a sholáthair an fhaisnéis a iarradh gan oibleagáid dhlíthiúil a bheith ar an bpáirtí sin nó gan a bheith in ann oibleagáid dhlíthiúil a leagan ar an bpáirtí sin chun amhlaidh a dhéanamh, agus nuair nach dtoilíonn an páirtí sin don ábhar a scaoileadh; nó

(h) An timpeallacht lena mbaineann an fhaisnéis, ar nós láithreáin phóraithe speiceas arb annamh a dtagtar orthu.

Déanfar na forais thuasluaite chun diúltú a léirthuiscint ar bhealach sriantach, agus aird ar leas an phobail a chuireann nochtadh ar fáil agus aird ar cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an fhaisnéis a iarrtar le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol.

5. (a) Nuair nach bhfuil an fhaisnéis faoin gcomhshaol a iarrtar á coimeád ag údarás poiblí, cuirfidh an t-údarás poiblí an t-iarratasóir ar an eolas a thapúla agus is féidir, ar an údarás a gcreideann sé lenar féidir iarratas a dhéanamh ar an bhfaisnéis a iarrtar nó aistreoidh sé an iarraidh chuig an údarás sin agus cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas dá réir.

6. Cinnteoidh gach Páirtí, más féidir faisnéis atá díolmhaithe ó nochtadh faoi mhíreanna 3(c) agus 4 thuas gan dochar do rúndacht na faisnéise díolmhaithe, go gcuireann údaráis phoiblí an chuid eile den fhaisnéis faoin gcomhshaol ar fáil a iarradh.

7. Déanfar iarraidh a dhiúltú i scríbhinn má bhí an iarraidh i scríbhinn nó san fhoirm a iarrann an t-iarratasóir amhlaidh.

Luafar i ndiúltú na cúiseanna atá leis an diúltú agus tabharfar faisnéis faoi rochtain ar an nós imeachta athbhreithnithe dá bhforáiltear i gcomhréir le hairteagal 9.

Déanfar an diúltú a luaithe agus is féidir agus laistigh de mhí amháin, ar a dhéanaí, mura mbíonn údar leis an tréimhse seo a shíneadh a fhaide le dhá mhí i ndiaidh na hiarrata mar gheall ar chastacht na faisnéise.

Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas ar aon síneadh agus ar na cúiseanna atá mar údar leis.

8. Is féidir le gach Páirtí a cheadú dá údaráis phoiblí chun táille a ghearradh ar fhaisnéis a sholáthar, ach ní sháróidh an táille sin suim réasúnta.

Cuirfidh údaráis phoiblí a bheartaíonn an táille sin a ghearradh chun faisnéis a sholáthar sceideal táillí is féidir a ghearradh ar fáil d'iarratasóirí, a thugann na cúinsí le fios inar féidir iad a ghearradh nó a tharscaoileadh agus nuair a bhraitheann soláthar na faisnéise ar an táille sin a íoc roimh ré.

## <u>Airteagal 5</u>

## FAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL A BHAILIÚ AGUS A SCAIPEADH

1. Cinnteoidh gach Páirtí:

(a) Coimeádann agus nuashonraíonn údaráis phoiblí faisnéis faoin gcomhshaol a bhaineann lena bhfeidhmeanna;

(b) Bunaítear córais éigeantacha chun go mbíonn sreabhadh leordhóthanach faisnéise chuig údaráis phoiblí faoi ghníomhaíochtaí a bheartaítear agus reatha a d'fhéadfadh difear mór a dhéanamh don chomhshaol;

(c) I gcás go mbíonn aon gharbhaol roimh shláinte an duine nó an comhshaol, cibé acu más gníomhaíochtaí an duine nó cúiseanna nádúrtha is cúis leis, déantar an fhaisnéis go léir a d'fhéadfadh an pobal a chumasú chun dul i mbun beart chun díobháil a chosc nó a mhaolú a eascraíonn as an mbagairt agus atá á coimeád ag údarás poiblí a scaipeadh láithreach agus gan mhoill ar bhaill den phobal a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

2. Cinnteoidh gach Páirtí, laistigh de chreat na reachtaíochta náisiúnta, go bhfuil an bealach a chuireann údaráis phoiblí faisnéis faoin gcomhshaol ar fáil don phobal trédhearcach agus go mbíonn teacht ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, go héifeachtach, i measc rudaí eile, ar na bealaí seo a leanas:

(a) Faisnéis dhóthanach a sholáthar don phobal faoi shaghas agus scóip na faisnéise faoin gcomhshaol atá á coimeád ag na húdaráis phoiblí ábhartha,

na téarmaí agus coinníollacha bunúsacha faoina gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil agus faoina mbíonn teacht uirthi, agus an próiseas trínar féidir í a fháil;

(b) Socruithe praiticiúla a bhunú agus a chothabháil, ar nós:

(i) Liosta, cláir nó comhaid atá ar fáil go poiblí;

(ii) A iarraidh ar oifigigh chun tacú leis an bpobal a lorgaíonn teacht ar fhaisnéis faoin gCoinbhinsiún seo; agus

(iii) Pointí teagmhála a shainaithint; agus

(c) Rochtain a sholáthar ar an bhfaisnéis faoin gcomhshaol a chuimsítear i liostaí, cláir nó comhaid faoi mar a dtagraítear dó i bhfomhír (b)(i) thuas saor in aisce.

3. Cinnteoidh gach páirtí go gcuirtear faisnéis faoin gcomhshaol ar fáil de réir a chéile i mbunachair shonraí leictreonacha atá inrochtana gan stró don phobal trí líonraí poiblí teileachumarsáide:

Ba cheart go gcuimseofaí san fhaisnéis atá inrochtana san fhoirm seo:

(a) Tuarascálacha ar staid an chomhshaoil, faoi mar a dtagraítear dó i mír 4 thíos;

(b) Téacsanna reachtaíochta maidir le nó a bhaineann leis an gcomhshaol;

(c) Faoi mar is cuí, beartais, pleananna agus cláir maidir le nó a bhaineann leis an gcomhshaol, agus comhaontuithe comhshaoil; agus

(d) Faisnéis eile, a mhéid go n-éascódh an fháil a bheith ar an bhfaisnéis siúd san fhoirm seo an dlí náisiúnta a chur chun feidhme a chuireann an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm, a fhad agus a bhíonn an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin i bhfoirm leictreonach.

4. Déanfaidh gach Páirtí, ag eatraimh rialta nach faide ná trí nó ceithre bliana, tuarascáil náisiúnta a fhoilsiú agus a scaipeadh ar staid an chomhshaoil, faisnéis ina measc ar cháilíocht an chomhshaoil agus faisnéis ar bhrúnna atá ar an gcomhshaol.

5. Rachaidh gach Páirtí faoi bhearta laistigh de chreat a reachtaíochta ar mhaithe leis an méid seo a leanas a scaipeadh, i measc rudaí eile:

(a) Reachtaíocht agus cáipéisí beartais ar nós cáipéisí faoi straitéisí, beartais, cláir agus pleananna gníomhaíochta a bhaineann leis an gcomhshaol, agus tuarascálacha ar dhul chun cinn ar a gcur i bhfeidhm, a ullmhaítear ar leibhéil éagsúla den rialtas;

(b) Conarthaí, coinbhinsiúin agus comhaontuithe idirnáisiúnta ar shaincheisteanna comhshaoil; agus

(c) Cáipéisí eile tábhachtacha idirnáisiúnta ar shaincheisteanna comhshaoil, faoi mar is cuí.

6. Spreagfaidh gach Páirtí oibreoirí a n-imríonn a ngníomhaíochtaí tionchar suntasach ar an gcomhshaol chun an pobal a chur ar an eolas go rialta ar an tionchar a imríonn a ngníomhaíochtaí agus a dtáirgí ar an gcomhshaol, sa chás gur cuí, laistigh den chreat scéimeanna éicilipéadaithe dheonaigh nó éici-iniúchta nó ar bhealach eile.

7. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) Na fíricí agus an anailís ar fhíricí a fhoilsiú a mheasann sé is ábhartha agus is tábhachtach maidir le tograí móra beartas comhshaoil a chur le chéile;

(b) Ábhar mínitheach atá ar fáil a fhoilsiú, nó a chur ar fáil ar bhealach eile, a bhaineann lena dhéileálacha leis an bpobal i gceisteanna a thagann faoi chuimsiú scóip an Choinbhinsiúin seo; agus

(c) Eolas a sholáthar i bhfoirm chuí ar thabhairt faoi fheidhmeanna poiblí nó seirbhísí poiblí a sholáthraíonn an rialtas ar gach leibhéal a bhaineann leis an gcomhshaol.

8. Forbróidh gach Páirtí meicníochtaí ag féachaint lena chinntiú go gcuirtear eolas dóthanach ar tháirgí ar fáil don phobal ar fáil don phobal a chumasaíonn tomhaltóirí chun roghanna feasacha comhshaoil a dhéanamh.

9. Rachaidh gach Páirtí i mbun beart chun córas comhtháiteach ar fud na tíre d'fhardail nó cláir thruaillithe ar bhunachar sonraí struchtúrach, ríomhairithe agus atá ar fáil go poiblí a chuirtear le chéile trí thuairisciú caighdeánaithe, a bhunú de réir a chéile agus próisis idirnáisiúnta á gcur san áireamh, sa chás gur cuí.

Féadtar ionchur, scaoileadh agus aistrithe réimse sonraithe substaintí agus táirgí, uisce, fuinneamh agus úsáid acmhainní ina measc, a áireamh leis an gcóras sin, ó réimse sonraithe gníomhaíochtaí chuig meáin chomhshaoil agus suíomhanna cóireála agus diúscartha ar an láthair agus as an láthair.

10. Ní féidir le rud ar bith san airteagal seo dochar a dhéanamh don cheart atá ag Páirtithe a dhiúltú chun faisnéis áirithe faoin gcomhshaol a nochtadh i gcomhréir le hairteagal 4, míreanna 3 agus 4.

## <u>Airteagal 6</u>

## RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL I GCINNTÍ FAOI GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH

1. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) Forálacha an airteagail seo a chur i bhfeidhm maidir le cinntí faoi cibé acu chun nó gan gníomhaíochtaí a bheartaítear a liostaítear in iarscríbhinn I a cheadú;

(b) Forálacha an airteagail seo a chur i bhfeidhm, chomh maith, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, ar chinntí faoi ghníomhaíochtaí a bheartaítear nach liostaítear in iarscríbhinn I a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar an gcomhshaol.

Chuige sin, deimhneoidh Páirtithe cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin a bheartaítear faoi réir na bhforálacha seo; agus

(c) Féadfaidh gach Páirtí, ar bhonn cás ar chás, má fhoráiltear dó faoin dlí náisiúnta, an cinneadh a dhéanamh gan forálacha an airteagail seo a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí a bheartaítear a fhreastalaíonn ar chuspóirí cosanta náisiúnta, má mheasann an Páirtí sin go n-imreodh an cur i bhfeidhm sin drochthionchar ar na cuspóirí seo.

2. Cuirfear an pobal atá i gceist ar an eolas, cibé acu trí fhógra poiblí nó ar bhonn aonair, faoi mar is cuí, go luath i nós imeachta cinnteoireachta comhshaoil, agus ar bhealach leordhóthanach, tráthúil agus éifeachtach, i measc rudaí eile, ar an méid seo a leanas:

(a) An ghníomhaíocht a bheartaítear agus an t-iarratas faoina ndéanfar cinneadh;

(b) Cineál na gcinntí féideartha nó an dréachtchinneadh;

(c) An t-údarás poiblí atá freagrach as an gcinneadh a dhéanamh;

(d) An nós imeachta a bheartaítear, nuair is féidir an fhaisnéis seo a sholáthar agus nuair a sholáthraítear an fhaisnéis seo, ina measc:

(i) Tosú an nóis imeachta;

(ii) Na deiseanna atá ag an bpobal chun páirt a ghlacadh;

(iii) An t-am a chuirfear aon éisteacht phoiblí a bheartaítear agus an t-ionad ina gcuirfear ar siúl é;

(iv) Leid ón údarás poiblí faoin áit ar féidir faisnéis ábhartha a fháil agus an áit ar fágadh an fhaisnéis ábhartha chun gur féidir leis an bpobal é a scrúdú;

(v) Leid ón údarás poiblí ábhartha nó aon chomhlacht oifigiúil eile cén tráchtanna nó ceisteanna is féidir a sheoladh ar aghaidh agus faoin sceideal ama chun tráchtanna nó ceisteanna a sheoladh ar aghaidh; agus

(vi) Leid faoi cén fhaisnéis faoin gcomhshaol a bhaineann leis an ngníomhaíocht a bheartaítear atá ar fáil; agus

(e) Nuair atá an ghníomhaíocht faoi réir nós imeachta measúnachta tionchair timpeallachta náisiúnta nó trasteorann.

3. Áireofar leis na nósanna imeachta rannpháirtíocht an phobail amfhrámaí réasúnta do na céimeanna éagsúla, a thabharfaidh dóthain ama chun an pobal a chur ar an eolas i gcomhréir le mír 2 thuas agus don phobal chun ullmhú agus páirt a ghlacadh go héifeachtach i rith na cinnteoireachta comhshaoil.

4. Déanfaidh gach Páirtí soláthar do rannpháirtíocht luath an phobail, nuair a bhíonn gach rogha ar oscailt agus nuair is féidir le rannpháirtíocht éifeachtach an phobail titim amach.

5. Ba cheart do gach Páirtí, sa chás gur cuí, iarratasóirí ionchasacha a spreagadh chun an pobal atá i gceist a shainaithint, chun plé a iontráil, agus faisnéis a sholáthar maidir lena n-iarratas sula ndéanann siad iarratas ar chead.

6. Iarrfaidh gach Páirtí ar na húdaráis phoiblí inniúla chun rochtain a thabhairt don phobal atá i gceist chun scrúdú a dhéanamh, ar iarraidh sin nuair a cheanglaítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta, saor in aisce agus a luaithe a bhíonn fáil air, ar an bhfaisnéis go léir a bhaineann leis an gcinnteoireacht dá dtagraítear san airteagal seo atá ar fáil ag tráth nós imeachta rannpháirtíocht an phobail, gan dochar don cheart atá ag Páirtithe a dhiúltú chun faisnéis áirithe a nochtadh i gcomhréir le hairteagal 4, míreanna 3 agus 4.

Áireofar leis an bhfaisnéis ábhartha, ar a laghad, agus gan dochar d'fhorálacha airteagal 4:

(a) Cur síos ar an suíomh agus saintréithe fisiciúla agus teicniúla na gníomhaíochta a bheartaítear, meastachán ina measc ar na fuíll agus na hastaíochtaí a bhfuil coinne leo;

(b) Cur síos ar éifeachtaí suntasacha na gníomhaíochta a bheartaítear ar an gcomhshaol;

(c) Cur síos ar na bearta a bheartaítear chun na héifeachtaí, na hastaíochtaí ina measc, a chosc agus/nó a laghdú;

(d) Achoimre neamhtheicniúil den mhéid thuas;

(e) Cuntas ar na príomhroghanna a ndearna an t-iarratasóir staidéar orthu; agus

(f) I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, na príomhthuarascálacha agus an chomhairle a eisíodh don údarás poiblí ag an tráth a chuirfear an pobal atá i gceist ar an eolas i gcomhréir le mír 2 thuas.

7. Ceadóidh nósanna imeachta do rannpháirtíocht an phobail don phobal chun aon tráchtanna, faisnéis, anailís nó tuairimí a sheoladh ar aghaidh, i scríbhinn nó, faoi mar is cuí, ag éisteacht nó fiosrúchán poiblí leis an iarratasóir, a mheasann sé is ábhartha maidir leis an ngníomhaíocht a bheartaítear.

8. Cinnteoidh gach Páirtí go gcuirfear toradh rannpháirtíocht an phobail i gcuntas i gceart sa chinneadh.

9. Cinnteoidh gach Páirtí, nuair a bhíonn an cinneadh déanta ag an údarás poiblí, go gcuirtear an pobal ar an eolas go pras ar an gcinneadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta cuí.

Cuirfidh gach Páirtí téacs an chinnidh ar fáil don phobal, anuas ar na cúiseanna agus na breithnithe ar a mbunaítear an cinneadh.

10. Cinnteoidh gach Páirtí, nuair a dhéanann údarás poiblí na coinníollacha oibriúcháin do ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a athmheas nó a nuashonrú, cuirtear forálacha mhíreanna 2 go 9 den airteagal seo i bhfeidhm ar bhonn mutatis mutandis, agus nuair is cuí.

11. Cuirfidh gach Páirtí, laistigh de chreat a dhlí náisiúnta, a mhéid agus is indéanta agus is cuí, forálacha an airteagail seo i bhfeidhm ar chinntí faoi cibé acu chun nó gan orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d’aon turas isteach sa chomhshaol a cheadú.

## Airteagal 7

## RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL MAIDIR LE PLEANANNA, CLÁIR AGUS BEARTAIS

## A BHAINEANN LEIS AN GCOMHSHAOL

Déanfaidh gach Páirtí forálacha cuí praiticiúla agus/nó eile don phobal chun páirt a ghlacadh fad a bhíonn pleananna agus/nó cláir á n-ullmhú a bhaineann leis an gcomhshaol, laistigh de chreat trédhearcach agus cothrom, i ndiaidh an fhaisnéis riachtanach a sholáthar don phobal.

Laistigh den chreat seo, cuirfear airteagal 6, míreanna 3, 4 agus 8 i bhfeidhm.

Sainaithneoidh an t-údarás poiblí ábhartha an pobal ar féidir leis páirt a ghlacadh, agus cuspóirí an Choinbhinsiúin seo á gcur san áireamh.

A mhéid agus is cuí, déanfaidh gach Páirtí dícheall chun deiseanna a sholáthar do rannpháirtíocht an phobail nuair a bhíonn beartais á n-ullmhú a bhaineann leis an gcomhshaol.

## Airteagal 8

### RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL NUAIR A BHÍONN RIALACHÁIN FEIDHMIÚCHÁIN AGUS/NÓ

### IONSTRAIMÍ NORMATACHA ATÁ INA GCEANGAL DLÍ ATÁ INFHEIDHME GO GINEARÁLTA Á NULLMHÚ

Déanfaidh gach Páirtí dícheall chun rannpháirtíocht éifeachtach an phobail a chur chun cinn ag céim chuí, agus fad a bhíonn roghanna ar oscailt go fóill, fad a bhíonn rialacháin feidhmiúcháin agus rialacha eile atá ina gceangal dlí atá infheidhme go ginearálta a n-ullmhú a d’fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu i dtaobh an chomhshaoil.

Chuige sin, ba cheart dul i mbun na mbeart seo a leanas:

(a) Ba cheart amfhrámaí atá dóthanach do rannpháirtíocht éifeachtach a shocrú;

(b) Ba cheart dréachtrialacha a fhoilsiú nó ba cheart go mbeadh fáil phoiblí orthu, ar bhealach eile, agus

(c) Ba cheart an deis a thabhairt don phobal chun a dtuairim a nochtadh, go díreach nó trí chomhlachtaí ionadaíocha comhairliúcháin.

Cuirfear an toradh a bhíonn ar rannpháirtíocht an phobail i gcuntas a mhéid agus is féidir.

## Airteagal 9

## ROCHTAIN AR CHEARTAS

1. Cinnteoidh gach Páirtí, laistigh de chreat a reachtaíochta náisiúnta, go mbíonn teacht ag aon duine a mheasann go ndearnadh neamhaird a thabhairt ar a iarraidh nó a hiarraidh ar fhaisnéis faoi airteagal 4 nó go ndearnadh é a dhiúltú go héagórach, cibé acu go páirteach nó go hiomlán, gur freagraíodh go neamhleor di, nó nár déileáladh leis ar bhealach eile i gcomhréir le forálacha an airteagail sin, ar nós imeachta athbhreithnithe roimh chúirt dlí nó comhlacht eile neamhspleách agus neamhchlaonta a bhunaítear sa dlí.

Faoi na cúinsí ina ndéanann Páirtí soláthar don athbhreithniú sin i gcúirt dlí, cinnteoidh sé go mbíonn teacht ag an duine sin ar nós imeachta tapa a bhunaítear sa dlí atá saor in aisce nó neamhchostasach chun go ndéanfaidh údarás poiblí athmheas air nó chun go ndéanfaidh comhlacht neamhchlaonta agus neamhspleách, seachas cúirt dlí, athbhreithniú air.

Beidh cinntí deiridh a dhéanamh faoi mhír 1 seo ina gceangal ar an údarás poiblí a bhfuil an fhaisnéis á coimeád aige.

Luafar cúiseanna i scríbhinn, ar a laghad nuair a dhiúltaítear do rochtain ar fhaisnéis faoin mír seo.

2. Cinnteoidh gach Páirtí, laistigh de chreat a reachtaíochta náisiúnta, go mbíonn ag baill den phobal atá i gceist

(a) A bhfuil leas dóthanach acu

nó, mar mhalairt air sin,

(b) A dhéanann ceart a lagú, nuair a cheanglaítear é seo i ndlí nós imeachta riaracháin Páirtí mar réamhchoinníoll,

rochtain ar nós imeachta athbhreithnithe roimh chúirt dlí agus/nó comhlacht eile neamhchlaonta agus/nó neamhspleách a bhunaítear sa dlí, chun cur in aghaidh dlíthiúlacht shubstainteach agus nós imeachta aon chinnidh, aon ghnímh nó aon easnaimh faoi réir fhorálacha airteagal 6 agus, nuair a fhoráiltear dó seo faoin dlí náisiúnta agus gan dochar do mhír 3 thíos, dlíthiúlacht fhorálacha eile an Choinbhinsiúin seo.

Déanfar cinneadh faoin méid atá i gceist le leas agus lagú dóthanach ar cheart i gcomhréir le ceanglais dlí náisiúnta agus ar aon dul leis an gcuspóir chun rochtain fhairsing a thabhairt don phobal atá i gceist ar cheartas laistigh de scóip an Choinbhinsiúin seo.

Chuige sin, measfar gur dóthanach leas aon eagraíochta neamhrialtasaí a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear in airteagal 2, mír 5, chun críche fhomhír (a) thuas.

Measfar go bhfuil cearta ag na heagraíochtaí siúd, chomh maith, ar féidir iad a lagú chun críche fhomhír (b) thuas.

Ní dhéanfaidh forálacha na míre 2 seo an fhéidearthacht a eisiamh go gcuirfí réamhnós imeachta athbhreithnithe ar bun os comhair údarás riaracháin agus ní dhéanfaidh sé difear do cheanglas maidir le hídiú nós imeachta athbhreithnithe riaracháin sula rachfar i muinín nós imeachta athbhreithnithe bhreithiúnaigh, nuair is ann don cheanglas sin faoin dlí náisiúnta.

3. Anuas air sin agus gan dochar do na nósanna imeachta athbhreithnithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 thuas, cinnteoidh gach Páirtí, sa chás go sásaíonn siad na critéir, más ann dóibh, a leagtar síos ina dhlí náisiúnta, go mbíonn teacht ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun cur in aghaidh gníomhartha agus easnamh ag daoine príobháideacha agus údaráis phoiblí a sháraíonn forálacha a dhlí náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

4. Anuas air sin agus gan dochar do mhír 1 thuas, cuirfear réitigh leordhóthanacha agus éifeachtacha, faoiseamh urghaire ina measc, faoi mar is cuí, ar fáil sna nósanna imeachta a dtagraítear dóibh i míreanna 1, 2 agus 3 thuas, agus ní bheidh siad chomh costasach sin go gcuirfidh siad cosc ar dhaoine iad a úsáid.

Déanfar cinntí faoin airteagal seo a chur in iúl nó a chur i gcuntas i scríbhinn.

Beidh fáil go poiblí ar chinntí cúirteanna, agus pé uair is féidir, cinntí comhlachtaí eile.

5. Chun éifeachtacht fhorálacha an airteagail seo a bhreisiú, cinnteoidh gach Páirtí go gcuirtear faisnéis ar fáil don phobal maidir le rochtain ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha agus déanfaidh sé breithniú ar mheicníochtaí cuí cúnaimh a bhunú chun bacainní airgeadais nó eile ar rochtain ar cheartas a bhaint nó a laghdú.

## <u>Airteagal 10</u>

## CRUINNIÚ NA bPÁIRTITHE

1. Tionólfar chéad chruinniú na bPáirtithe tráth nach déanaí ná bliain amháin i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm.

Tionólfar gnáthchruinniú na bPáirtithe ina dhiaidh sin ar a laghad uair gach dhá bhliain, mura gcinneann na Páirtithe a mhalairt, nó ar iarraidh scríofa aon Pháirtí, a fhad agus go dtacaíonn ar a laghad an tríú cuid de na Páirtithe, laistigh de shé mhí i ndiaidh gur chuir Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa an iarraidh in iúl do gach Páirtí, leis an iarraidh sin.

2. Ag a gcruinnithe, leanfaidh na Páirtithe le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo ar bhunús tuairisciú rialta ag na Páirtithe, agus, déanfaidh siad an méid seo a leanas, agus aird ar an gcuspóir seo:

(a) Athbhreithniú ar na beartais le haghaidh agus an cur chuige modheolaíoch i leith rochtana ar fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gceisteanna comhshaoil, ag féachaint le hiad a fheabhsú;

(b) Faisnéis a mhalartú maidir le taithí a baineadh amach agus comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha agus iltaobhacha eile á dtabhairt chun críche agus á gcur i bhfeidhm agus a bhaineann le cuspóirí an Choinbhinsiúin seo agus a bhfuil duine amháin nó níos mó de na Páirtithe mar pháirtí leis;

(c) Seirbhísí comhlachtaí ábhartha CEE agus comhlachtaí eile inniúla idirnáisiúnta agus coistí ar leith a lorg, sa chás gur cuí, i ngach gné a bhaineann le cuspóirí an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach;

(d) Aon chomhlachtaí coimhdeacha a bhunú amhail a mheasann siad is gá;

(e) Prótacail leis an gCoinbhinsiún seo a ullmhú, sa chás gur cuí;

(f) Tograí a bhreithniú agus a ghlacadh do leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo i gcomhréir le forálacha airteagal 14;

(g) Aon ghníomh breise a bhreithniú agus a dhéanamh a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun cuspóirí an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach;

(h) Ag a gcéad cruinniú, rialacha maidir le nós imeachta dá gcruinnithe agus do chruinnithe comhlachtaí coimhdeacha a bhreithniú agus a ghlacadh trí chomhdhearcadh;

(i) Athbhreithniú a dhéanamh, ag a gcéad chruinniú, ar a dtaithí ar fhorálacha airteagal 5, mír 9, a chur i bhfeidhm agus breithniú a dhéanamh ar cén bearta atá riachtanach chun an córas a bhreisiú a dtagraítear dó sa mhír sin, agus próisis agus forbairtí idirnáisiúnta á gcur san áireamh, agus cur le hionstraim chuí, ina measc, a bhaineann le truailliú a scaoileadh agus cláir nó fardail aistrithe a d'fhéadfaí a cheangal leis an gCoinbhinsiún seo.

3. Is féidir le Cruinniú na bPáirtithe breithniú a dhéanamh, faoi mar is gá, ar shocruithe airgeadais ar bhonn comhdhearcaidh.

4. Beidh na Náisiúin Aontaithe, a shainghníomhaireachtaí agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, anuas ar aon eagraíocht Stáit nó eagraíocht imeasctha gheilleagraigh réigiúnach atá i dteideal faoi airteagal 17 chun an Coinbhinsiún seo a shíniú ach nach Páirtí í leis an gCoinbhinsiún seo, agus aon eagraíocht idir-rialtasach atá cáilithe sna réimsí lena mbaineann an Coinbhinsiún seo, i dteideal páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí i gcruinnithe na bPáirtithe.

5. Beidh aon eagraíocht neamhrialtasach, atá cáilithe sna réimsí lena mbaineann an Coinbhinsiún seo, a chuir Rúnaí Feidhmiúchain Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa ar an eolas gur mian leis go ndéanfar ionadaíocht dó ag cruinniú na bPáirtithe, i dteideal páirt a

ghlacadh mar bhreathnóir mura gcuireann an tríú cuid de na Páirtithe atá i láthair ag an gcruinniú ina aghaidh.

6. Ar mhaithe le cuspóirí mhíreanna 4 agus 5 thuas, déanfaidh na rialacha maidir le nós imeachta a dtagraítear dóibh i mír 2(h) thuas soláthar do shocruithe praiticiúla don nós imeachta iontrála agus do théarmaí ábhartha eile.

## Airteagal 11

## AN CEART CHUN VÓTA A CHAITHEAMH

1. Seachas faoi mar a bhforáiltear dó i mír 2 thíos, beidh vóta amháin ag gach Páirtí leis an gCoinbhinsiún seo.

2. Feidhmeoidh eagraíochtaí imeasctha réigiúnacha geilleagracha, i gceisteanna laistigh dá n-inniúlacht, a gceart chun vóta a chaitheamh le líon vótaí atá ionann le líon a mBallstát ar Páirtithe leis an gCoinbhinsiún seo iad.

Ní fheidhmeoidh na heagraíochtaí siúd a gceart chun vóta a chaitheamh má fheidhmíonn a mBallstáit a gcearta, agus a mhalairt.

## Airteagal 12

## RÚNAÍOCHT

Tabharfaidh Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa faoi na feidhmeanna rúnaíochta seo a leanas:

(a) Cruinnithe na bPáirtithe a thionól agus a ullmhú;

(b) Tuarascálacha agus faisnéis eile a fuarthas i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo a chur faoi bhráid na bPáirtithe; agus

(c) Na feidhmeanna eile siúd is féidir leis na Páirtithe a chinneadh.

## Airteagal 13

## IARSCRÍBHINNÍ

Cuid lárnach den Choinbhinsiún a bheidh sna hiarscríbhinní leis.

## Airteagal 14

## LEASUITHE AR AN GCOINBHINSIÚN

1. Is féidir le haon Pháirtí leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo a bheartú.

2. Seolfar téacs aon leasaithe a bheartaítear ar an gCoinbhinsiún seo chuig Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa i scríbhinn, agus cuirfidh sé/sí é sin in iúl do na Páirtithe go léir ar a laghad nócha lá roimh chruinniú na bPáirtithe ag a mbeartaítear glacadh leis.

3. Déanann na Páirtithe gach iarracht chun comhaontú a bhaint amach ar aon leasú a bheartaítear ar an gCoinbhinsiún seo trí chomhdhearcadh.

Murar éirigh le gach iarracht chun comhdhearcadh a bhaint amach, agus murar baineadh comhaontú amach, glacfar leis an leasú mar rogha dheiridh ag vóta tromlaigh trí cheathrú de na Páirtithe atá i láthair agus a chaitheann vóta ag an gcruinniú.

4. Cuirfidh an Taisceánach le gach Páirtí leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo in iúl atá le daingniú, le faomhadh nó a bhfuiltear le glacadh leo, i gcomhréir le mír 3 thuas.

Cuirfear leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo, seachas iad siúd ar iarscríbhinn, i bhfeidhm do Pháirtithe i ndiaidh gur daingníodh, gur faomhadh nó gur glacadh leo ar an nóchadú lá i ndiaidh don Taisceánach fógra a fháil go ndearna trí cheathrú de na Páirtithe seo iad a dhaingniú, a fhaomhadh nó a ghlacadh.

Cuirfear i bhfeidhm iad, ina dhiaidh sin, d'aon Pháirtí eile ar an nóchadú lá i ndiaidh don Pháirtí sin a ionstraim dhaingnithe, faofa nó ghlactha i dtaobh na leasuithe a sheoladh ar aghaidh.

5. Tabharfaidh aon Pháirtí nach bhfuil in ann leasú ar iarscríbhinn leis an gCoinbhinsiún seo a fhaomhadh fógra don Taisceánach i scríbhinn laistigh de dhá mhí dhéag ón dáta a cuireadh an glacadh in iúl.

Cuirfidh an Taisceánach gach Páirtí ar an eolas ar aon fhógra den saghas sin a fhaightear gan mhoill.

Is féidir le Páirtí, ag aon tráth, glacadh lena fhógra roimhe seo a ionadú agus, i ndiaidh ionstraim ghlactha a chur faoi bhráid an Taisceánaigh, beidh éifeacht ag na leasuithe ar an iarscríbhinn sin don Pháirtí sin.

6. Ar éag dhá mhí dhéag ón dáta a chuir an Taisceánach an leasú in iúl, faoi mar a bhforáiltear dó i mír 4 thuas, beidh éifeacht ag leasú ar iarscríbhinn do na Páirtithe siúd nár chuir fógra faoi bhráid an Taisceánaigh i gcomhréir le forálacha mhír 5 thuas, a fhad agus nár sheol breis agus an tríú cuid de na Páirtithe an fógra sin ar aghaidh.

7. Chun críocha an airteagail seo, ciallaíonn “Páirtithe atá i láthair agus a bhfuil vóta á chaitheamh acu” Páirtithe atá i láthair agus a chaitheann vóta dearfach nó diúltach.

## Airteagal 15

## ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHLÍONADH

Deimhneoidh Cruinniú na bPáirtithe, ar bhonn comhdhearcaidh, socruithe roghnacha de chineál neamhachrannach, neamhbhreithiúnach agus comhairliúcháin chun comhlíonadh fhorálacha an Choinbhinsiúin seo a athbhreithniú.

Ceadóidh na socruithe seo go mbíonn baint chuí ag an bpobal agus féadtar a áireamh leo an rogha chun breithniú a dhéanamh ar chumarsáid ó bhaill den phobal i gceisteanna a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo.

## Airteagal 16

## DÍOSPÓIDÍ A RÉITEACH

1. Má thagann díospóid aníos idir dhá Pháirtí nó níos mó faoi léirthuiscint nó cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo, lorgóidh siad réiteach trí idirbheartaíocht nó trí aon bhealach eile de réiteach díospóide atá inghlactha do na páirtithe leis an díospóid.

2. Nuair a bhíonn an Coinbhinsiún seo á shíniú, a dhaingniú, á ghlacadh, á fhaomhadh nó á aontú, nó ag aon tráth ina dhiaidh sin, féadfaidh Páirtí a dhearbhú i scríbhinn don Taisceánach, go nglacann sé le ceann amháin de na bealaí seo a leanas nó an dá bhealach seo a leanas de réiteach díospóide go héigeantach maidir le haon Pháirtí a ghlacann leis an oibleagáid chéanna, i gcás díospóide nach réitítear i gcomhréir le mír 1 thuas.

(a) An díospóid a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta;

(b) Eadráin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in iarscríbhinn II.

3. Má ghlac na páirtithe leis an díospóid leis an dá bhealach de réiteach díospóide a dtagraítear dóibh i mír 2 thuas, ní féidir an díospóid ach a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta, mura gcomhaontaíonn na páirtithe lena mhalairt.

## Airteagal 17

## SÍNIÚ

Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt lena shíniú ag Aarhus (an Danmhairg) an 25 Meitheamh 1998, agus ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac ina dhiaidh sin go dtí an 21 Nollaig 1998, ag Ballstáit Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa, chomh maith le Stáit a bhfuil stádas comhairliúcháin acu le Coimisiún Eacnamaíochta na hEorpa de bhun mhíreanna 8 agus 11 de rún 36 (IV) na Comhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta an 28 Márta 1947, agus ag eagraíochtaí imeasctha geilleagraigh réigiúnacha ina bhfuil Stáit ardcheannasacha Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa ar aistrigh a mBallstáit inniúlacht chuige maidir le ceisteanna a rialaítear sa Choinbhinsiún seo, an inniúlacht ina measc chun iontráil i gconarthaí maidir leis na ceisteanna seo.

## Airteagal 18

## TAISCEÁNACH

Gníomhóidh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe mar Thaisceánach an Choinbhinsiúin seo.

## Airteagal 19

### DAINGNIÚ, GLACADH, FAOMHADH AGUS AONTACHAS

1. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir daingniú, glactha nó faofa ag Stáit sínitheora agus eagraíochtaí imeasctha gheilleagraigh réigiúnacha.

2. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt lena aontú amhail ón 22 Nollaig 1998 ag na Stáit agus na heagraíochtaí imeasctha gheilleagraigh réigiúnacha a dtagraítear dóibh in airteagal 17.

3. Is féidir le haon Stát eile, nach dtagraítear dó i mír 2 thuas, ar Ball de na Náisiúin Aontaithe é, aontú leis an gCoinbhinsiún ar fhaomhadh Chruinniú na bPáirtithe.

4. Beidh aon eagraíocht a dtagraítear di in airteagal 17 a ndéantar Páirtí leis an gCoinbhinsiún de gan aon chinn dá Ballstáit a bheith ina pháirtí de, faoi cheangal ag na hoibleagáidí go léir faoin gCoinbhinsiún seo.

Más Páirtí leis an gCoinbhinsiún seo é Ballstát amháin nó níos mó den eagraíocht sin, déanfaidh an eagraíocht agus a Ballstáit cinneadh faoina freagrachtaí faoi seach as tabhairt faoina n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún seo.

Sna cásanna siúd, ní bheidh an eagraíocht agus na Ballstáit i dteideal cearta a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún seo i gcomhthráth.

5. Ina n-ionstraimí daingnithe, glactha, faofa nó aontachais, dearbhóidh na heagraíochtaí imeasctha gheilleagraigh réigiúnacha dá dtagraítear in airteagal 17 méid a n-inniúlachta maidir leis na ceisteanna a rialaítear sa Choinbhinsiún seo.

Cuirfidh na heagraíochtaí seo an Taisceánach ar an eolas, chomh maith, ar aon mhionathrú substainteach a tháinig ar a n-inniúlacht.

## Airteagal 20

## IONTRÁIL I BHFEIDHM

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm ar an nóchadú lá i ndiaidh an dáta a seoladh an séú hionstraim dhaingnithe, ghlactha, faofa nó aontachais déag ar aghaidh.

2. Chun críocha mhír 1 thuas, ní dhéanfar aon ionstraim a sheolann eagraíocht imeasctha gheilleagraigh réigiúnach ar aghaidh mar ionstraim bhreise leo siúd a sheol baill Stát den eagraíocht sin ar aghaidh.

3. I gcás gach Stáit nó eagraíochta dá dtagraítear in airteagal 17 a dhéanann an Coinbhinsiún seo a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhaomhadh nó a aontaíonn leis i ndiaidh gur seoladh an séú hionstraim dhaingnithe, ghlactha, faofa nó aontachais déag ar aghaidh, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an nóchadú lá dhéag i ndiaidh an dáta a sheol an Stát nó an eagraíocht sin a (h)ionstraim dhaingnithe, ghlactha, faofa nó aontachais ar aghaidh.

## Airteagal 21

## AISTARRAINGT

Ag aon tráth i ndiaidh trí bliana ón dáta a tháinig an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm maidir le Páirtí, féadfaidh an Páirtí sin aistarraingt ón gCoinbhinsiún trí fhógra scríofa a thabhairt don Taisceánach.

Beidh éifeacht ag aon aistarraingt den saghas sin ar an nóchadú lá i ndiaidh an dáta a fhaigheann an Taisceánach an fógra.

## Airteagal 22

## TÉACSANNA ÚDARACHA

Cuirfear buntéacs an Choinbhinsiúin seo, a mbeidh na téacsanna Béarla, Fraincise agus Rúisise de chomh húdarach céanna, faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

DÁ FHIANÚ SIN tá na daoine sin a bhfuil a síniú anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige, tar éis an Coinbhinsiún seo a shíniú.

ARNA DHÉANAMH ag Aarhus (an Danmhairg), ar an bhfiche cúigiú lá seo de Mheitheamh, sa bhliain aon mhíle agus naoi gcéad agus nócha a hocht.

## Iarscríbhinn I

## LIOSTA GNÍOMHAÍOCHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR DÓIBH IN AIRTEAGAL 6, MÍR 1 (a)

1. An earnáil fuinnimh:

- Scaglanna ola mianraí agus gáis;

- Monarchana le haghaidh gásúcháin agus leachtú;

- Stáisiúin chumhachta teirmí agus monarchana eile dócháin a bhfuil ionchur teasa 50 meigeavata (MW) nó níos mó acu;

- Soirn chóic;

- Stáisiúin chumhachta núicléiche agus imoibreoirí núicléacha, na stáisiúin chumhachta nó na himoibreoirí siúd a bhaint dá chéile nó a dhíchoimisiúnú ina measc

1/ (seachas monarchana taighde ina ndéantar ábhair ineamhnaithe agus thorthúla a tháirgeadh agus a thiontú nach sáraíonn a gcumhacht uasta ualach teirmeach leanúnach 1 kW);

- Monarchana ina ndéantar breosla núicléach ionradaithe a athphróiseáil;

- Monarchana a dearadh:

- Chun breosla núicléach a tháirgeadh nó a shaibhriú;

- Chun breosla núicléach Monarchana ina ndéantar breosla núicléach ionradaithe nó dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil a phróiseáil;

- Chun diúscairt deiridh a dhéanamh ar bhreosla núicléach ionradaithe;

- Chun diúscairt deiridh a dhéanamh ar bhreosla radaighníomhach agus é sin amháin;

- Chun breoslaí núicléacha ionradaithe nó dramhaíl radaighníomhach a stóráil (a bheartaítear é a stóráil ar feadh níos faide ná 10 mbliana) i suíomh difriúil ón suíomh táirgthe.

2. Miotal a tháirgeadh agus a phróiseáil:

- Monarchana rósta nó sintéaraithe mianta miotail (mian suilfíde ina measc);

- Monarchana ina ndéantar muciarann nó cruach a tháirgeadh (bun-chomhleá nó comhleá tánaisteach) teilgean leanúnach ina measc, a bhfuil toilleadh acu a sháraíonn 2.5 tonna san uair;

- Monarchana ina ndéantar miotal feiriúil a phróiseáil;

(i) Muilte te-rollta a bhfuil toilleadh acu a sháraíonn 20 tonna de chruach amh san uair;

(ii) Gaibhneachtaí ina bhfuil casúir agus ina sáraíonn fuinneamh na gcasúr siúd 50 ciligiúl in aghaidh an chasúir, nuair a sháraíonn an chumhacht chalrach a úsáidtear 20 MW;

(iii) Brait mhiotail chomhleáite chosanta a leathadh a bhfuil ionchur acu a sháraíonn 2 thonna de chruach amh in aghaidh na huaire;

- Teilgcheártaí miotail fheiriúil a bhfuil cumas táirgthe acu a sháraíonn 20 tonna sa lá;

- Monarchana:

(i) Ina ndéantar miotal neamhfheiriúil amh a tháirgeadh ó mhian, comhdhlúthúcháin nó amhábhair thánaisteacha trí phróisis mhiotalóireachta, cheimiceacha nó leictrealaíocha;

(ii) Ina ndéantar miotal neamhfheiriúil a bhruithniú, agus a chóimhiotalú, chomh maith, táirgí aisghafa (scagadh, teilgcheárta, teilgean, etc.), a bhfuil cumas leáite acu a sháraíonn 4 thonna sa lá le haghaidh luaidhe agus caidmiam nó 20 tonna sa lá i dtaobh na n-ábhar eile go léir;

- Monarchana ina ndéantar cóireáil dromchla ar mhiotal agus ábhair phlaisteacha trí úsáid a bhaint as próiseas leictrealaíoch nó ceimiceach ina sáraíonn toilleadh na ndabhcha cóireála 30 m3.

3. An tionscal mianraí:

- Monarchana ina ndéantar clincear stroighne a tháirgeadh in áitheanna rothlacha a bhfuil cumas táirgthe acu a sháraíonn 500 tonna sa lá nó ina ndéantar aol a tháirgeadh in áitheanna rothlacha a bhfuil cumas táirgthe acu a sháraíonn 50 tonna sa lá nó i bhfoirnéisí eile ag a bhfuil cumas táirgthe a sháraíonn 50 tonna sa lá;

- Monarchana ina ndéantar aispeist a tháirgeadh agus ina ndéantar táirgí aispeistbhunaithe a dhéantúsú;

- Monarchana ina ndéantar gloine a dhéantúsú, snáithín gloine ina measc ag a bhfuil cumas leáite a sháraíonn 20 tonna sa lá;

- Monarchana ina ndéantar substaintí mianracha a leá, snáithíní mianracha a tháirgeadh ina measc ag a bhfuil cumas leáite a sháraíonn 20 tonna sa lá;

- Monarchana ina ndéantar táirgí ceirmeacha a dhéantúsú trí adhaint, go háirithe tíleanna dín, brící, brící teasfhulangacha, tíleanna, crua-earraí cré nó poirceallán, ag a bhfuil cumas táirgthe a sháraíonn 75 tonna sa lá, agus/nó ag a bhfuil cumas áithe a sháraíonn 4 m3 agus ag a bhfuil dlús cruaite in aghaidh na háithe a sháraíonn 300 kg/m3.

4. An tionscal ceimiceach: Ciallaíonn táirgeadh laistigh de bhrí na gcatagóirí gníomhaíochtaí a chuimsítear sa mhír seo táirgeadh ar scála tionsclaíoch trí phróiseáil cheimiceach a dhéanamh ar shubstaintí nó grúpaí substaintí a liostaítear i bhfomhíreanna (a) go (g):

(a) Monarchana ceimiceacha ina ndéantar buncheimiceáin orgánacha a tháirgeadh, ar nós:

(i) Hidreacharbóin shimplí (líneach nó cioglach, sáithithe nó neamhsháithithe, alafatach nó aramatach);

(ii) Hidreacharbóin ina gcuimsítear ocsaigin, alcól, aildéad, céatón, aigéid charbocsaileacha, eistir, aicéatáití, éitear, sárocsaídí, roisín eapocsach;

(iii) hidreacharbóin shulfarúla;

(iv) Hidreacharbóin nítrigineacha, ar nós aimíní, aimídí, comhdhúile nítriúla, nítrea-chomhdhúile nó comhdhúile níotráite, nítrílí, cianáití, isicianáití;

(v) Hidreacharbóin ina gcuimsítear fosfar;

(vi) Hidreacharbóin halaigineacha;

(vii) Comhdhúile orgánaimhiotalacha;

(viii) Bunábhair phlaisteacha (polaiméirí, snáithíní sintéiseacha agus snáithíní ceallalósbhunaithe);

(ix) Rubar sintéiseach;

(x) Ruaimeanna agus ábhair dhatha;

(xi) Gníomhaithe dromchlacha;

(a) Monarchana ceimiceacha ina ndéantar buncheimiceáin neamhorgánacha a tháirgeadh, ar nós:

(i) Gáis, ar nós amóinia, clóirín nó clóiríd hidrigine,

fluairín nó fluairíd hidrigine, ocsaíd charbóin, comhdhúile sulfair, ocsaíd de nítrigin, hidrigin, dé-ocsaíd sulfair, clóiríd charbóinile;

(ii) Aigéid, aigéad crómach, aigéad hidreafluarach, aigéad fosfarach, aigéad nítreach, aigéad hidreaclórach, aigéad sulfarach, oiléam, aigéid shulfarúla;

(iii) Bunanna, ar nós hiodrocsaíd amóiniam, hiodrocsaíd photaisiam, hiodrocsaíd sóidiam;

(iv) Salainn, ar nós clóiríd amóiniam, clóráit photaisiam, carbónáit photaisiam, carbónáit sóidiam, sárbhóráit, níotráit airgid;

(v) Neamh-mhiotal, ocsaíd mhiotail nó comhdhúile eile neamhorgánacha, ar nós cairbíd chailciam, sileacain, cairbíd sileacain;

(a) Monarchana ceimiceacha ina ndéantar leasacháin fosfarbhunaithe, nítriginbhunaithe nó potaisiambhunaithe (leasacháin shimplí nó chomhdhúile) a dhéantúsú;

(a) Monarchana ceimiceacha ina ndéantar buntáirgí sláinte plandaí agus bithicíd a tháirgeadh;

(e) Monarchana ina n-úsáidtear próiseas ceimiceach nó bitheolaíoch chun buntáirgí cógaisíochta a tháirgeadh;

(a) Monarchana ceimiceacha ina ndéantar pléascáin a tháirgeadh;

(g) Monarchana ceimiceacha ina n-úsáidtear próiseáil cheimiceach nó bhitheolaíoch chun breiseáin bheathaithe próitéine, coipeoirí agus substaintí eile próitéine a tháirgeadh.

5. Bainistíocht dramhaíola:

- Monarchana ina ndéantar dramhaíl a thugtar chun líonadh talún nó dramhaíl ghuaiseach a loscadh, a aisghabháil nó ina ndéantar cóireáil cheimiceach orthu;

- Monarchana ina ndéantar dramhaíl chathrach a loscadh ag a bhfuil cumas a sháraíonn 3 thonna san uair;

- Monarchana ina ndéantar dramhaíl neamhghuaiseach a dhiúscairt ag a bhfuil toilleadh a sháraíonn 50 tonna sa lá;

- Láithreáin líonadh talún ina dtugtar breis agus 10 dtonna sa lá a fhad leo nó ag a bhfuil toilleadh a sháraíonn 25 000 tonna sa lá, gan láithreáin líonadh talún dramhaíola támhaí a chur san áireamh.

6. Ionaid chóireála fuíolluisce ag a bhfuil cumas a sháraíonn coibhéis daonra 150 000 duine.

7. Gléasraí tionsclaíocha ina ndéantar an méid seo a leanas:

(a) Laíon a tháirgeadh ó adhmad nó ó ábhair shnáithíneacha atá cosúil leis;

(b) Páipéar agus clár a tháirgeadh ag a bhfuil cumas táirgthe a sháraíonn 20 tonna sa lá.

8. (a) Línte a thógáil do thrácht iarnróid fad-achair d'aerfoirt 2/ ag a bhfuil fad rúidbhealaigh bhunúsaigh 2 100 méadar nó níos faide;

(b) Mótarbhealaí agus mearbhóithre a thógáil; 3/

(c) Bóthar nua ar a bhfuil ceithre lána nó níos mó a thógáil, nó bóthar reatha ar a bhfuil dhá lána nó níos lú a athailíniú agus/nó a leathnú chun ceithre lána nó níos mó a sholáthar, nuair a bheadh an bóthar nua sin, nó an stráice athailínithe agus/nó leathnaithe sin 10 gciliméadar nó níos faide ar fad leanúnach.

9. (a) Uiscebhealaí intíre agus calafoirt do thrácht uiscebhealaigh intíre a cheadaíonn árthaí ar a bhfuil meáchan os cionn 1 350 tonna gluaiseacht;

(b) Calafoirt trádála, céanna chun lódáil agus dílódáil a dhéanamh a bhaineann le talamh agus calafoirt sheachtracha (gan céanna farantóireachta a áireamh) ar féidir le hárthaí os cionn 1 350 tonna iad a úsáid.

10. Scéimeanna astarraingthe screamhuisce nó athlíonta screamhuisce nuair is ionann méid an uisce a astarraingítear nó a athlíontar sa bhliain agus cothrom le nó níos mó ná 10 milliún méadar ciúbach.

11. (a) Oibreacha a dhéanann acmhainní uisce a aistriú idir abhantracha nuair is é is cuspóir an aistrithe seo cosc a chur ar ghanntanais fhéideartha uisce agus nuair a sháraíonn méid an uisce a aistrítear 100 milliún méadar ciúbach sa bhliain;

(b) I ngach cás eile, oibreacha a dhéanann acmhainní uisce a aistriú idir abhantracha nuair a sháraíonn meánsreabhadh ilbhliantúil na habhantraí 2 000 milliún méadar ciúbach sa bhliain agus nuair a sháraíonn méid an uisce a aistrítear 55 den sreabhadh seo.

Fágtar aistrithe uisce óil píobaithe as an áireamh sa dá chás.

12. Peitriliam agus gás nádúrtha a astarraingt ar mhaithe le cuspóirí tráchtála nuair a sháraíonn an méid a astarraingítear 500 tonna sa lá i gcás peitriliam agus 500 000 méadar ciúbach sa lá i gcás gáis.

13. Dambaí agus monarchana eile atá deartha chun uisce a choimeád siar nó a stóráil go buan, nuair a sháraíonn méid nua nó breise uisce a choimeádtar siar nó a stóráiltear 10 milliún méadar ciúbach.

14. Píblínte ina n-iompraítear ola gháis nó ceimiceáin ag a bhfuil trastomhas de bhreis ar 800 mm agus fad níos faide ná 40 ciliméadar.

15. Monarchana ina ndéantar éanlaithe clóis nó muca a thógáil go dian ina bhfuil breis agus:

(a) 40 000 áit d'éanlaithe clóis;

(b) 2 000 áit do mhuca táirgthe (os cionn 30 kg); nó

(c) 750 áit do chránacha.

16. Cairéil agus mianadóireacht dromchla nuair a sháraíonn dromchla an tsuímh 25 heicteár, nó baint móna, nuair a sháraíonn dromchla an tsuímh 150 heicteár.

17. Línte cumhachta leictreacha lasnairde a thógáil ag a bhfuil voltas 220 kV nó níos mó agus fad níos mó ná 15 chiliméadar.

18. Monarchana ina ndéantar táirgí peitriliam, peitriceimiceacha, nó ceimiceacha a stóráil ag a bhfuil toilleadh 200 000 tonna nó níos mó.

19. Gníomhaíochtaí eile:

- Gléasraí ina ndéantar snáithíní nó teicstílí a réamhchóireáil nó a ruaimniú (oibríochtaí ar nós níocháin, tuartha, meirsiriú) nuair a sháraíonn an cumas cóireála 10 dtonna sa lá;

- Gléasraí ina ndéantar seithí agus craicne a choirtiú nuair a sháraíonn an cumas cóireála 12 thonna de tháirgí críochnaithe sa lá;

- (a) Seamlais ina bhfuil cumas táirgthe conablach a sháraíonn 50 tonna sa lá;

(b) Cóireáil agus próiseáil a dhéanamh ar mhaithe le táirgí bia a tháirgeadh ó:

(i) Amhábhair ainmhí (seachas bainne) ag a bhfuil cumas táirgthe táirge deiridh a sháraíonn 75 tonna sa lá;

(ii) Amhábhair ghlasra ag a bhfuil cumas táirgthe táirge deiridh a sháraíonn 300 tonna sa lá (meánluach ar bhonn ráithiúil);

(c) Bainne a chóireáil agus a phróiseáil, nuair is mó an méid bainne a fhaightear agus 200 tonna sa lá (meánluach ar bhonn bliantúil);

- Monarchana ina ndéantar conablaigh ainmhí agus dramhaíl ainmhí a dhiúscairt nó a athchúrsáil ag a bhfuil cumas cóireála a sháraíonn 10 dtonna sa lá;

- Monarchana ina ndéantar cóireáil dromchla ar shubstaintí, earraí nó táirgí trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí orgánacha, go háirithe chun cóiriú, priontáil, bratú, díbhealú, uiscedhíonadh, toisiú, péinteáil, glanadh nó toirchiú, ag a bhfuil cumas ídithe a sháraíonn 150kg san uair nó a sháraíonn 200 tonna sa bhliain;

- Monarchana ina ndéantar carbón (gual cruadhóite) nó leictreaghraifít a tháirgeadh trí loscadh nó graifítiú.

20. Aon ghníomhaíocht nach bhfuil cumhdaithe i míreanna 1-19 thuas nuair a fhoráiltear do rannpháirtíocht an phobail faoi nós imeachta measúnachta tionchair timpeallachta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

21. Níl feidhm ag foráil airteagal 6, mír 1 (a) den Choinbhinsiún seo, le haon cheann de na tionscadail thuas a dtugtar fúthu go heisiach nó go príomha ar mhaithe le taighde, forbairt nó tástáil a dhéanamh ar mhodhanna nó táirgí nua ar feadh níos giorra ná dhá bhliain murach gur dhóchúil go mbeidís ina gcúis le héifeacht shuntasach dhíobhálach i leith an chomhshaoil nó na sláinte.

22. Beidh aon athrú ar nó síneadh le gníomhaíochtaí, nuair a shásaíonn an t-athrú nó an síneadh féin sin na critéir/tairseacha a leagtar amach san iarscríbhinn seo, faoi réir airteagal 6, mír 1 (a) den Choinbhinsiún seo.

Beidh aon athrú eile ar nó aon síneadh eile le gníomhaíochtaí faoi réir airteagal 6, mír 1 (b) den Choinbhinsiún seo.

Nótaí

1/ Ní bhíonn a leithéid de mhonarcha i gceist le stáisiúin chumhachta núicléiche agus imoibreoirí núicléacha eile a thuilleadh nuair a baineadh an breosla núicléach agus na comhdhúile eile atá éilithe go radaighníomhach go buan ó shuíomh na monarchan.

2/ Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn "aerfort" aerfort nach dtagann salach ar an sainmhíniú i gCoinbhinsiún Chicago 1944 lena mbunaítear an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (Iarscríbhinn 14).

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn "mearbhóthar" bóthar nach dtagann salach ar an sainmhíniú sa Chomhaontú Eorpach maidir leis na Príomhbhealaí Tráchta Idirnáisiúnta an 15 Samhain 1975.

## **<u>Iarscríbhinn II</u>**

### **EADRÁIN**

1. I gcás go seoltar díospóid ar aghaidh le haghaidh eadrána de bhun airteagal 16, mír 2, den Choinbhinsiún seo, tabharfaidh páirtí nó páirtithe fógra don rúnaíocht faoi ábhar na headrána agus tabharfaidh siad le fios, ach go háirithe, na hairteagail den Choinbhinsiún seo a bhfuil a léirthuiscint nó a gcur i bhfeidhm faoi chaibidil.

Cuirfidh an rúnaíocht an fhaisnéis a fuarthas faoi bhráid na bPáirtithe uile leis an gCoinbhinsiún seo.

2. Beidh triúr comhaltaí sa bhinse eadrána. Ceapfaidh páirtí nó páirtithe an éilitheora agus an páirtí nó na páirtithe eile leis an díospóid eadránaí, agus ainmneoidh an bheirt

eadránaithe a ceapadh amhlaidh an tríú headránaí trí chomhaontú comhchoiteann, a bheidh ina uachtarán ar an mbinse eadrána.

Ní bheidh an tríú headránaí ina náisiúnach de cheann de na páirtithe leis an díospóid, ná ní bheidh a g(h)nátháit chónaithe i gcríoch ceann de na páirtithe seo, ná ní bheidh sé/sí fostaithe ag aon chinn díobh, ná ní bheidh sé/sí i ndiaidh déileáil leis an gcás in aon cháil eile.

3. Murar ainmníodh uachtarán an bhinse eadrána laistigh de dhá mhí i ndiaidh gur ceapadh an dara headránaí, ainmneoidh Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa, ar iarraidh an pháirtí eile leis an díospóid, an t-uachtarán laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

4. Mura gceapann duine de na páirtithe leis an díospóid eadránaí laistigh de dhá mhí i ndiaidh an iarraidh a fháil, féadfaidh an páirtí eile Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa a chur ar an eolas, a ainmneoidh uachtarán an bhinse eadrána laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

Ar a ainmniú, iarrfaidh uachtarán an bhinse eadrána ar an bpáirtí nár cheap eadránaí chun amhlaidh a dhéanamh laistigh de dhá mhí.

Má theipeann air amhlaidh a dhéanamh laistigh den tréimhse sin, cuirfidh an t-uachtarán Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na hEorpa ar an eolas, a dhéanfaidh an ceapachán seo laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

5. Déanfaidh an binse eadrána a chinneadh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le forálacha an Choinbhinsiúin seo.

6. Cuirfidh aon bhinse eadrána a dhéantar a bhunú faoi na forálacha a leagtar amach san iarscríbhinn seo a rialacha féin nós imeachta i dtoll a chéile.

7. Déanfar cinntí an bhinse eadrána, maidir le nós imeachta agus substaint araon, trí vóta tromlaigh a bhall.

8. Féadfaidh an binse dul i mbun na mbeart cuí go léir chun na fíricí a dheimhniú.

9. Éascóidh na páirtithe leis an díospóid obair an bhinse eadrána agus, ach go háirithe, déanfaidh siad an méid seo a leanas trí úsáid a bhaint as gach bealach ar féidir leo:

(a) Na cáipéisí, na saoráidí agus an fhaisnéis ábhartha go léir a sholáthar dó;

(b) A chur ar a chumas, nuair is gá, finnéithe nó saineolaithe a ghairm, agus a bhfianaise a fháil.

10. Cosnóidh na páirtithe agus na headránaithe rúndacht aon fhaisnéise a fhaigheann siad faoi rún i rith imeachtaí an bhinse eadrána.

11. Féadfaidh an binse eadrána, ar iarraidh ceann de na páirtithe, bearta eatramhacha cosanta a mholadh.

12. Mura dtagann ceann de na páirtithe leis an díospóid os comhair an bhinse eadrána nó má theipeann air/uirthi a c(h)ás a chosaint, féadfaidh an páirtí eile a iarraidh ar an mbinse chun leanúint ar aghaidh leis na himeachtaí agus a chinneadh deiridh a dhéanamh.

Ní hionann a bheidh asláithreacht pháirtí nó teip ar pháirtí chun a chás a chosaint agus bac ar na himeachtaí.

13. Féadfaidh an binse eadrána éisteacht le frithéilimh agus cinneadh a dhéanamh faoi fhrithéilimh a eascraíonn go díreach as ábhar na díospóide.

14. Mura ndeimhníonn an binse eadrána a mhalairt mar gheall ar chúinsí ar leith an cháis, íocfaidh na páirtithe leis an díospóid as costais an bhinse, luach saothair a bhall ina measc, i sciartha cothroma.

Coimeádfaidh an binse cuntas ar a chostais go léir, agus cuirfidh sé ráiteas deiridh ar na costais siúd faoi bhráid na bpáirtithe.

15. Féadfaidh aon Pháirtí leis an gCoinbhinsiún seo ag a bhfuil leas de chineál dlíthiúil in ábhar na díospóide, agus a bhféadfadh cinneadh sa chás difear a dhéanamh dó/di, idirghabháil a dhéanamh sna himeachtaí le toiliú an bhinse.

16. Déanfaidh an binse eadrána a bhronnadh laistigh de chúig mhí i ndiaidh an dáta ar ar bunaíodh é, murach gur dóigh leis gur gá an teorainn ama a shíneadh ar feadh tréimhse nár cheart di a bheith níos faide ná cúig mhí.

17. Gabhfaidh ráiteas cúiseanna le bronnadh an bhinse eadrána.

Beidh sé críochnaitheach agus ina cheangal ar na páirtithe go léir leis an díospóid.

Cuirfidh an binse eadrána an bronnadh faoi bhráid na bpáirtithe leis an díospóid agus na rúnaíochta.

Cuirfidh an rúnaíocht an fhaisnéis a fhaightear faoi bhráid na bPáirtithe go léir leis an gCoinbhinsiún seo.

18. Is féidir le ceachtar páirtí leis an mbinse eadrána a rinne an bronnadh aon díospóid a fhéadfaidh teacht aníos idir na páirtithe a bhaineann le léirthuiscint nó forghníomhú an bhronnta nó, mura féidir forghníomhú an bhronnta a ghabháil, is féidir an díospóid a chur faoi bhráid binse eile a bunaíodh don chuspóir seo ar an mbealach céanna a rinneadh an chéad cheann a chur faoi bhráid.